Foilseacháin/ An Scéim Title by Title

Spriocdháta: 13 Meán Fómhair 2012

Treoirlínte

Léigh na Treoirlínte seo le do thoil sula ndéanfaidh tú d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach.

TABHAIR FAOI DEARA – Moltar duit aird faoi leith a thabhairt ar na **ceanglais maidir le hábhar tacaíochta a chur isteach.**

Iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta maidir le foilseacháin i nGaeilge, ba cheart dóibh an leagan Gaeilge den fhoirm iarratais a chomhlánú i nGaeilge.

Clár Ábhar

Cuid 1
Maidir leis an Foilseacháin/ An Scéim Title by Title

Leathanach 3

Cuid 2
Conas Iarratas a Dhéanamh
Leathanach 5

Cuid 3
Measúnú agus Próiseáil
Leathanach 10

Cuid 4
Téarmaí agus Coinníollacha
Leathanach 13

Cuid 5
Cabhair maidir le d'Iarratas
Leathanach 15

Cuid 1 - Maidir leis Foilseacháin/An Scéim Title by Title

Ainm na dámhachtana	Foilseacháin/An Scéim Title by Title
Spriocdháta	13 Meán Fómhair 2012
Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana	**Tacú le táirgeadh leabhar agus foilseachán liteartha ardchaighdeáin agus lena gcur chun cinn agus lena scaipeadh ar lucht féachana forleathan.** Cuirfidh an dámhachtain tacaíocht ar fáil do shaothar sna réimsí seo a leanas: • **Ficsean** • **Neamhfhicsean cruthaitheach** • **Litríocht do leanaí** • **Filíocht** • **Drámaíocht** • **Úrscéalta grafacha agus leabhair phictiúr mhaisithe**
Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	Foilsitheoirí leabhar agus foilsitheoirí irisí liteartha atá bunaithe in Éirinn. Ní mór do na foilsitheoirí a bheith bunaithe i bPoblacht na hÉireann, nó, má tá siad bunaithe i dTuaisceart Éireann, ní mór dóibh léiriú go bhfuil líonra dáileacháin, léitheoireachta agus díolacháin suntasach acu i bPoblacht na hÉireann. Meastar go dtiocfaidh formhór na n-iarratas ó fhoilsitheoirí liteartha fadbhunaithe, ach tá fáilte roimh fhoilsitheoirí liteartha nua in Éirinn iarratas a dhéanamh freisin. Is é an sainmhíniú atá anseo ar scríbhneoireacht liteartha ná filíocht, ficsean, drámaíocht, neamhfhicsean cruthaitheach (m.sh. cuimhní cinn, aistí agus saothair áirithe i ndáil le léirmheastóireacht liteartha agus léirmheastóireacht ealaíon, agus beathaisnéisí ealaíon ina ndírítear ar ealaíontóirí comhaimseartha). Ní áirítear le 'litríocht' agus 'liteartha' anseo aon scríbhneoireacht nach bhfuil clúdaithe faoin sainmhíniú thuas, réimsí ar nós foilsitheoireacht iriseoireachta, reiligiúnach, ghairmiúil agus acadúil ina measc.
Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	• Daoine aonair. • Eagraíochtaí nach foilsitheoirí iad. • Níl an scéim i gceist mar bhreisiú ar mhaoiniú reatha faoi chláir maoinithe athfhilltigh na Comhairle Ealaíon (Maoiniú Bliantúil, Deontais le haghaidh Clár Bliantúil, Eagraíochtaí a Mhaoinítear go Rialta). Ní bheidh eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoin Scéim *Title By Title* incháilithe chun maoiniú a fháil faoi chláir maoinithe athfhilltigh na Comhairle Ealaíon don bhliain 2013/2014.
Céard ar féidir leat cur isteach air:	• Féadann foilsitheoirí cur isteach ar fhóirdheontas i gcomhair suas le cúig theideal. Is é an t-uasmhéid ar féidir iarratas a dhéanamh air ná €5,000 in aghaidh an teidil ficsin nó neamhfhicsin liteartha, €3,000 in aghaidh na scripte drámaíochta agus €3,000 in aghaidh an teidil filíochta. Féadfar costais eagarthóireachta, táillí do dhearthóirí, aistritheoirí, maisitheoirí agus grianghrafadóirí, cearta agus codán de chostais margaíochta srl a bheith áirithe sa méid sin. • Féadfaidh foilsitheoirí irisí liteartha iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú suas le €12,000, lena n-áirítear táillí scríbhneoirí agus codán de na costais táirgthe. • Féadfaidh foilsitheoirí ríomhleabhar agus irisí ar líne iarratais a dhéanamh freisin, ach beidh leibhéil níos ísle maoinithe i gceist ná mar atá amhlaidh i gcás leabhar agus irisí priontáilte.

Céard nach féidir leat cur isteach air

I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas **nach** féidir leat cur isteach orthu, tá:

- príomhchostais leanúnacha (costais tuarastail, cíos, solas agus teas srl.);
- tograí féinfhoilsithe (is é atá i gceist le féinfhoilsiú ná leabhair agus meáin eile arna bhfoilsiú ag a n-údair féin seachas ag foilsitheoirí bunaithe);
- tograí chun scríbhneoireacht neamhliteartha a fhoilsiú (féach thuas an sainmhíniú ar scríbhneoireacht liteartha);
- gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana;
- gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, Cultúr Éireann san áireamh;
- foilseacháin atá táirgthe cheana féin nó a tháirgfear sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas;
- foilseacháin chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó a fhoilseofar go príomha chun brabús a dhéanamh;
- iarratais a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a sheoladh isteach arís faoin scéim mhaoinithe seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus ráthaíocht go n-éireoidh leis an iarratas.

Ábhar tacaíochta riachtanach

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais:

- I gcás iarratais ó fhoilsitheoirí maidir le teidil leabhar
    1. Teimpléad de bhuiséad sonrach táirgthe (Íoslódáil anseo: http://bit.ly/Mw88QH (0.03 MB, MS Excel)
    2. Sampla (10 leathanach ar a mhéad) i gcomhair gach ceann de na teidil atá beartaithe (RTF / .doc / .docx)
    3. Sampla de shaothair a foilsíodh roimhe seo (RTF / .doc / .docx amháin)
    4. Faisnéis maidir le réamhíocaíocht don údar agus leagan amach na ndleachtanna
    5. Straitéis margaíochta, dáileacháin agus poiblíochta
    6. Sonraí maidir leis na nithe is déanaí a bhain tú amach mar fhoilsitheoir, agus an bhaint atá acu sin leis an iarratas seo; faisnéis maidir le haon chomhpháirtithe nó aon chomhoibrithe agus na róil atá acu; aon mhionsonraí breise teicniúla nó airgeadais atá ábhartha.

- I gcás iarratais maidir le foilseachán irisí liteartha
    1. Teimpléad de bhuiséad sonrach táirgthe (Íoslódáil anseo: http://bit.ly/Mw88QH (0.03 MB, MS Excel)
    2. Liosta scríbhneoirí atá fostaithe nó atá le fostú
    3. Struchtúr táillí do scríbhneoirí agus do rannpháirtithe
    4. Sampla de shaothar a foilsíodh roimhe seo (i bhformáid ar líne)
    5. Straitéis margaíochta, dáileacháin agus poiblíochta
    6. Sonraí maidir leis na nithe is déanaí a bhain tú amach mar fhoilsitheoir, agus an bhaint atá acu sin leis an iarratas seo; faisnéis maidir le haon chomhpháirtithe nó aon chomhoibrithe agus na róil atá acu; aon mhionsonraí breise teicniúla nó airgeadais atá ábhartha.

Ní mór d'**iarratasóirí atá ag lorg maoinithe ón gComhairle Ealaíon den chéad uair** an méid seo a leanas a chur ar fáil freisin

1. Faisnéis chúlra maidir leis an eagraíocht, ina ndéantar cur síos ar a réasúnaíocht foilseacháin agus ina dtugtar cuntas gairid ar na foilseacháin uaithi le trí bliana anuas;
2. CVanna na n-eagarthóirí agus na bpríomhphearsanra eile atá bainteach leis an eagraíocht.

	TABHAIR FAOI DEARA – ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta cruachóipe. Má tá obair le leanaí agus daoine óga i gceist le do thogra, ní mór duit ráiteas a sholáthar ina ndéantar cur síos ar do chód cleachtais maidir le leas agus cosaint leanaí. Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú.
Cén seans atá agat tacaíocht a fháil?	Cé gur scéim nua í seo, is dócha go mbeidh iomaíocht mhór i gceist léi. Samhlaítear go bhfaighfear i bhfad níos mó iarratas ná mar is féidir leis an gComhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt dóibh.
Critéir chun iarratais a mheasúnú	Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na dtrí chritéar seo a leanas: • Fiúntas ealaíne • Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh • Indéantacht Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi na critéir seo go léir **i gCuid 3 – Measúnú agus Próiseáil.** ***I measc na gcritéar ar leith atá i gceist chun cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime maoinithe a chomhlíonadh tá:*** • Caighdeáin foilseacháin agus táirgthe • Cuimsitheacht na bpleananna margaíochta, dáileacháin agus poiblíochta atá beartaithe

Cuid 2 – Ag déanamh iarratais ar-líne

Suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne

Ní mór gach iarratas a sheoladh isteach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon ar https://onlineservices.artscouncil.ie

Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh isteach ar líne trí shuíomh Gréasáin seirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais a chuirtear isteach trí ríomhphost/an bpost/facs.

Ní mór ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne cés moite d'eisceachtaí sonracha a bheidh liostaithe in áit éigin eile sna treoirlínte seo.

Tabhair faoi deara:

- Ba cheart duit cur amach a bheith agat ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh an tráthnóna deireanach ar an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.
- Bíonn an t-am uaslódála i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.
- Is iondúil go bhfaigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór fiosruithe agus glaonna teileafóin ar an spriocdháta le haghaidh maoinithe agus mar sin d'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat ag an nóiméad deireanach.

Féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cabhair a fháil uair ar bith a bhíonn deacrachtaí teicniúla agat agus iarratas ar líne á dhéanamh agat. Ní gá duit ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Léigh na Treoirlínte Dámhachtana

Sula ndéanann tú iarratas ní mór duit na Treoirlínte Dámhachtana a léamh ina n-iomláine.

Socraigh cé hé/hí an t-iarratasóir

Sula ndéanfaidh tú iarratas ní mór duit a chinneadh cé hé/hí an t-iarratasóir. Is é an t-iarratasóir an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon dámhachtain a thairgfear agus a bheidh freagrach as téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana sin. Tabhair faoi deara le do thoil, nach n-íocfar aon dámhachtain a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra.

Ag clárú i gcomhair cuntais seirbhísí ar líne

Caithfidh tú cuntas seirbhísí ar líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh ar líne.

Má rinne tú iarratas ar mhaoiniú ó Aibreán 2010 agus go bhfuil tú ag déanamh iarratais san ainm céanna, beidh cuntas seirbhísí ar líne agat, agus gheobhaidh tú rochtain air le do ARN agus le do phasfhocal. Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, féadfaidh tú é a athshocrú tríd an nasc ar leathanach baile na seirbhísí ar líne agus ní bheidh ort a dhéanamh ach do ARN a chur isteach agus an seoladh ríomhphoist a bhaineann leis an gcuntas.

Mura ndearna tú iarratas ar líne le 2 bhliain anuas NÓ má tá tú ag déanamh iarratais thar ceann grúpa/eagraíochta nach ndearna iarratas ar líne roimhe seo, caithfidh tú **clárú** chun cuntas seirbhísí ar líne a fháil.

	D'fhéadfadh sé suas le 5 lá oibre a thógáil sula ndéanfar do chlárúchán a dhearbhú, mar sin tá sé an-tábhachtach go gclárófá chomh luath agus is féidir. Má tharlaíonn sé ar chúiseanna eisceachtúla nach féidir leat an tIdirlíon ná suíomh Gréasáin seirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon a úsáid nó má tá riachtanais speisialta rochtana agat, breathnóidh an Chomhairle Ealaíon ar chead a thabhairt duit d'iarratas a sheoladh isteach i gcruachóip. I gcás dá leithéid ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Ealaíon **ar a laghad 2 sheachtain roimh an spriocdháta.**
Riachtanais maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid	Caithfidh do ríomhaire agus an brabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na seirbhísí ar líne duit: **PC:** Windows XP nó níos déanaí le Internet Explorer 7.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 2.0 nó níos déanaí **Mac:** Mac - Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó níos déanaí NÓ Firefox 2.0 nó níos déanaí NB: Caithfidh tú freisin Microsoft Word nó OpenOffice a bheith agat ar do ríomhaire chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Is bogearra saor in aisce é OpenOffice agus is féidir é a íoslódáil anseo: http://www.openoffice.org. Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó nach dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.
Iarratas a dhéanamh ar líne	Seo a leanas an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar líne: 1. Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin; cláraigh ar líne ag https://onlineservices.artscouncil.ie agus déan nóta de d'uimhir ARN (uimhir thagartha ealaíne) agus de do phasfhocal. 2. Roghnaigh an cineál cuí maoinithe. 3. Lean na leideanna agus líon isteach na réimsí riachtanacha. 4. Íoslódáil an fhoirm iarratais agus sábháil í ar do ríomhaire. 5. Comhlánaigh an fhoirm iarratais agus sábháil í. 6. Fill ar an suíomh ar líne, logáil isteach agus téigh go dtí do leathanach baile. 7. Brabhsáil chuig d'fhoirm iarratais agus uaslódáil í. 8. Brabhsáil chuig d'ábhar tacaíochta agus uaslódáil é. 9. Breathnaigh siar ar d'iarratas agus ar an liosta d'ábhar tacaíochta uaslódáilte - ní bheidh tú in ann aon rud a chur leis an iarratas ná é a leasú nuair a bheidh sé curtha isteach agat. 10. Brúigh an cnaipe 'cuir isteach' (ní bhfaighimid d'iarratas go dtí go ndéanfaidh tú cliceáil ar 'cuir isteach').
An fhoirm iarratais a úsáid	Is doiciméad Word í an fhoirm iarratais a íoslódálann tú ó shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne, líonann tú isteach í ar do ríomhaire féin agus ansin uaslódálann tú í arís sula gcuirfidh tú isteach d'iarratas. Tá formáidiú speisialta san fhoirm a ligeann don chóras ar líne an fhoirm a bhailíochtú nuair a uaslódáiltear í agus cinntíonn sé nach gcuireann tú isteach foirm nach bhfuil comhlánaithe agat. Le linn duit a bheith ag obair leis an bhformáidiú seo **caithfidh** tú Microsoft Word nó OpenOffice a úsáid agus an treoir ag tús/deireadh na foirme a

leanúint.

Tá treoir céim ar chéim againn maidir leis an bhfoirm a úsáid le OpenOffice agus is féidir í a íoslódáil anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/online-services.aspx

Cuirtear srian ar líon na gcarachtar (litreacha) is féidir a úsáid chun gach ceist a fhreagairt san fhoirm iarratais. Tá an teorainn carachtar luaite ar an bhfoirm iarratais in aice le gach ceist. Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil an teorainn socraithe i gcarachtair agus ní i bhfocail (cé go dtugtar teorainn garbh focal ar mhaithe le treoir a thabhairt) agus go n-áirítear spásanna sa teorainn carachtar.

Féach **Cuid 5** de na Treoirlínte Dámhachtana chun cúnamh a fháil ábhar d'fhoirme iarratais a ullmhú.

Ábhar tacaíochta a ullmhú agus a chur isteach

Caithfear ábhar tacaíochta a uaslódáil agus a chur isteach go leictreonach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon (cés moite d'aon eisceachtaí atá liostaithe in áit éigin eile sna treoirlínte seo). Is féidir leat raon leathan ábhar a uaslódáil lena n-áirítear íomhánna, físeáin agus comhaid fuaime.

NB Tógann sé i bhfad níos faide ábhar a uaslódáil ná a íoslódáil. Má bhíonn tú ag uaslódáil comhaid mhór díreach chuig seirbhísí ar líne nó chuig URL eile (féach 'Naisc Ghréasáin'), uaslódáil d'ábhar tamall maith roimh an spriocdháta lena chinntiú gur féidir leat d'ábhar a chur isteach in am.

Is 20MB an teorainn iomlán maidir le gach ábhar a uaslódáiltear chuig an suíomh seirbhísí ar líne.

Glacfar leis na formáidí comhaid seo a leanas:

- comhaid íomhá - .jpg/.gif/.tiff/.png
- comhaid fuaime - .wav/.mp3/.m4a
- comhaid físe - Quicktime/.avi/.mov/.mp4
- téacschomhaid - .rtf/.doc/.docx/.txt
- Comhaid Adobe Reader - .pdf
- scarbhileoga .xls/.xlsx

Ní mór na comhaid ar fad a uaslódáiltear mar ábhar tacaíochta a ainmniú de réir mar is cuí. Ba cheart go gcuirfí in iúl le hainm an chomhaid cad atá sa chomhad nó cad a léiríonn sé. Mar shampla ba chóir go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa doiciméad.

Nuair atá ábhar tacaíochta á chur isteach:

- Uaslódáil gach píosa den ábhar tacaíochta as féin, ag roghnú an chineál doiciméid iomchuí;
- Cuir isteach teideal an tsaothair in ainm an chomhaid má tá tú ag cur doiciméadúcháin maidir leis an saothar isteach;
- Cloígh le gach gnás ainmnithe comhaid atá leagtha amach i gCuid 1

Naisc Ghréasáin

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar arna óstáil ag suíomhanna Gréasáin faoi leith seachas an t-ábhar a uaslódáil díreach chuig na seirbhísí ar líne. Ní dhéanfar measúnú ach ar ábhar arna óstáil ag **http://www.youtube.com** nó **http://www.4shared.com** agus ansin **amháin.** Ní fhéachfar ar ábhar arna óstáil ag suíomhanna Gréasáin eile. Chun do nasc (naisc) g(h)réasáin a chur isteach, cóipeáil an (nasc) URL don phíosa ábhair faoi leith

m.sh. físeán, rian ceoil is mian leat a fheiceáil i ndoiciméad Word nó a chomhionann agus uaslódáil mar dhoiciméad tacaíochta 'naisc Ghréasáin'

Mura mian leat ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube ar mhaithe le d'iarratas a bheith le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú bratach a chur ar d'fhíseán mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe. Chun tuilleadh eolais a fháil féach http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/online-services.aspx.

Féach **Cuid 1** de na Treoirlínte Dámhachtana seo le haghaidh an liosta den ábhar tacaíochta nach mór duit a uaslódáil le d'iarratas. Féach **Cuid 5** chun cúnamh a fháil ábhar na n-ábhar tacaíochta a ullmhú.

Cur isteach in am

Dúnfaidh an córas seirbhísí ar líne d'iarratais ar an spriocdháta. Ní bheidh tú in ann ábhar a uaslódáil ná d'iarratas a chur isteach nuair a bheidh an spriocdháta/dáta caite. Ní dhéanfaidh an Chomhairle Ealaíon aon eisceachtaí maidir leis an riail sin.

An féidir liom cabhair a fháil le m'iarratas?

Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid ar fáil sa rannóg Ceisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon http://www.artscouncil.ie/ga/fundInfo/funding_faqs.aspx

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos

Má bhaineann tú úsáid as Twitter nó Facebook is féidir leat sruth tacaíochta Twitter nó leathanach Facebook na Comhairle Ealaíon i gcomhair seirbhísí ar líne a leanúint.

Facebook: http://www.artscouncil.ie/artscouncilireland
Twitter: http://twitter.com/artscouncilhelp

Má theastaíonn cúnamh uait le hábhar d'iarratais féach le do thoil ar **Cuid 5 - Cabhair maidir le d'Iarratas.**

Má tá tuilleadh cabhrach **ginearálta** fós uait, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ag 01 6180200 nó trí ríomhphost ag awards@artscouncil.ie.

Má tá riachtanais speisialta rochtana agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana ag 01 6180219.

Cuid 3 - Measúnú agus Próiseáil

Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

An próiseas

Déantar gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

- déantar an t-iarratas a admháil;
- déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú scríofa;
- molann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann cibé ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart;
- déanann an painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus déanann siad cinntí;
- déanann an Chomhairle na cinntí a fhaomhadh;
- cuirtear na cinntí in iúl i bhfoirm scríofa.

Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear na hacmhainní atá ar fáil san áireamh. Déantar gach iarratas a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas:

1. Fiúntas ealaíne
2. Cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime a chomhlíonadh
3. Indéantacht

1. Fiúntas ealaíne

Dhíreodh measúnú ar an bhfiúntas ealaíne ar chaighdeán agus ar nádúr na gníomhaíochta atá beartaithe agus d'fhéadfaí go n-áireofaí leis, i measc nithe eile, breathnú ar an méid seo a leanas:

- caighdeán an tsaothair atá i gceist arna léiriú trí na hábhair tacaíochta a cuireadh isteach;
- cuntas teiste an fhoilsitheora arna léiriú tríd ábhar a foilsíodh roimhe seo agus an ábhar tacaíochta eile a cuireadh isteach;
- cumas an fhoilsitheora arna léiriú tríd an bhfoirm iarratais agus na hábhair tacaíochta a cuireadh isteach;
- na teidil nó na saothair atá beartaithe de réir mar atá léirithe san fhoirm iarratais;
- comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe;
- an uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht a léiríonn an foilsitheoir agus na scríbhneoirí.

2. Cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime a chomhlíonadh

Dhíreodh measúnú faoin gcritéar seo ar thairbhe agus ar shuntasacht straitéiseach na gníomhaíochta atá beartaithe i leith chuspóirí agus thosaíochtaí sonraithe na scéime. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcuimseofaí leis sin, i measc nithe eile, measúnú ar a mhéid a shroichfeadh na teidil atá beartaithe lucht féachana agus a mhéid a rachaidís chun sochar réimse litríochta comhaimseartha na hÉireann. Déanfar measúnú ar a mhéid is atá scríbhneoireacht ardchaighdeáin i gceist sa bhfoilseachán, agus a mhéid is atá rátaí íocaíochta córa do scríbhneoirí, maisitheoirí srl á léiriú, agus a mhéid is atá an foilseachán á sheachadadh do lucht féachana suntasach a bhfuil suim acu ina leithéid.

3. Indéantacht

Bhreathnófaí i measúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir chun an ghníomhaíocht atá beartaithe a chomhlíonadh. Chun é seo a dhéanamh d'fhéadfaí

breathnú ar na nithe seo a leanas, ach ní orthu sin amháin:

- an buiséad atá beartaithe;
- an clár ama nó an sceideal atá beartaithe;
- infhaighteacht na dtacaíochtaí nó na bpáirtithe eile a aithnítear san iarratas.

I measc na gcritéar ar leith atá i gceist chun cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime a chomhlíonadh tá:

- *Caighdeáin foilseacháin agus táirgthe*

Dhíreodh measúnú faoin gcritéir seo ar chuntas teiste an fhoilsitheora/na hirise agus a mhéid is a táirgeadh foilseacháin roimhe seo ar chaighdeán ard. Déanfar measúnú ar chaighdeáin na scríbhneoireachta faoi Chaighdeán Ealaíonta.

- *Éifeachtacht an fheachtais margaíochta, dáileacháin agus poiblíochta*

Dhíreodh measúnú faoin gcritéar seo ar éifeachtacht agus indéantacht an phlean a seoladh isteach chun an foilseachán a chur chun cinn, a mhargú agus a dháileadh. Déanfaidh an painéal scrúdú ar a mhéid is a chuirfidh an plean le réimse an fhoilseacháin, agus oiriúnacht an phlean don obair atá i gceist. Déanfar cuntas teiste an fhoilsitheora
ó thaobh cur chun cinn, margaíocht agus dáileachán a chuid saothar a mheasúnú freisin.

Painéil phiaraí	Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun eolas a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. De ghnáth cuimsíonn painéil phiaraí triúr moltóirí seachtracha ar a laghad a bhfuil saineolas ábhartha acu ar an bhfoirm ealaíne agus/nó ar an gcleachtas ealaíon. Bíonn ball de chuid na Comhairle Ealaíon i gceannas gach cruinnithe agus é/í ag gníomhú mar chathaoirleach gan cheart vótála. Déanann comhairleoirí agus foireann na Comhairle Ealaíon freastal de réir mar is gá, agus bíonn na daoine a raibh baint acu le measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun faisnéis a sholáthar. Faigheann gach duine a bhíonn i láthair faisnéis roimh an gcruinniú ar gach iarratas ar an ngearrliosta. Bíonn fáil ag baill an phainéil ar gach foirm iarratais agus ábhar tacaíochta ar an ngearrliosta lá an mheasúnaithe.
Fráma ama	Déanann an Chomhairle Ealaíon dian-iarracht iarratais a mheasúnú chomh luath agus is féidir ach mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe tógfaidh sé suas le 10 seachtaine ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh. Féadfaidh tú féachaint ar stádas d'iarratais ar shuíomh Gréasáin sheirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon.
Cad a tharlóidh má fhaigheann tú maoiniú?	Cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid, téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe. Cuirfear ar an eolas thú freisin faoin bpróiseas trínar cheart duit do mhaoiniú a tharraingt anuas.
Cad a tharlóidh mura bhfaigheann tú maoiniú?	Cuirfear in iúl duit i scríbhinn mura n-éireoidh le d'iarratas. Ar an drochuair, níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin. Mar gheall ar líon mór na n-iarratas, bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon.
Achomhairc agus gearáin	Má mheasann tú nár comhlíonadh nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an Nós Imeachta Achomharc agus Gearán, nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cóip den bhileog eolais faoi Achomhairc agus Gearáin a fháil.

An féidir liom iarratas a dhéanamh an athuair?

Ní féidir le hiarratasóirí tograí ar a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú cheana féin a sheoladh isteach arís. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle dóibh go sainiúil an t-iarratas a sheoladh isteach arís. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus ráthaíocht go n-éireoidh leis an iarratas.

Cuid 4 – Téarmaí agus Coinníollacha

- Tríd iarratas a chur isteach tá iarratasóirí ag deimhniú gur léigh siad agus gur thuig siad an fhaisnéis atá leagtha amach sna treoirlínte maidir leis an scéim mhaoinithe seo.

- Ní mór do na foilsitheoirí a bheith bunaithe i bPoblacht na hÉireann, nó, má tá siad bunaithe i dTuaisceart Éireann, ní mór dóibh léiriú go bhfuil líonra dáileacháin, léitheoireachta agus díolacháin suntasach acu i bPoblacht na hÉireann.

- Measfar gur iarratas neamhbhailí é d'iarratas agus seolfar ar ais chugat é sna cásanna seo a leanas:
    - Fuarthas d'iarratas nó d'ábhar tacaíochta go déanach;
    - Chuir tú d'fhoirm iarratais chugainn sa phost, trí ríomhphost nó ar facs;
    - Níor chomhlánaigh tú an fhoirm iarratais ina hiomláine;
    - Níor chuir tú an t-ábhar tacaíochta ar fad a bhí riachtanach isteach in éineacht le d'iarratas;
    - Chuir tú d'ábhar tacaíochta sa phost, i ríomhphost nó ar facs;
    - Níl an ghníomhaíocht atá beartaithe nó na costais ar a bhfuil iarratas á chur isteach agat oiriúnach do chuspóir nó d'fheidhm na scéime maoinithe.
- Tá gach scéim mhaoinithe de chuid na Comhairle Ealaíon faoi réir teorainneacha éagsúla, agus bronntar aon mhaoiniú de réir na gcistí atá le fáil. Is féidir go gcoimeádfar maoiniú siar nó go roinnfear idir iarratasóirí é de réir mar a thograíonn an Chomhairle Ealaíon.

- Is idir an Chomhairle agus an eagraíocht atá ag déanamh iarratais go díreach a bheidh gach comhfhreagras, mura socrófar a mhalairt.

- Déantar aon chúnamh airgeadais a thairiscint ar bhonn na bpleananna atá léirithe san iarratas, agus caithfear aon athrú ar na pleananna nó ar an mbuiséad a chur in iúl don Chomhairle Ealaíon láithreach má théann siad i bhfeidhm go hábhartha ar an mbonn sin nó mura gcloíonn siad le téarmaí na tairisceana. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart a tairiscint a athbhreithniú nó a tharraingt siar i gcás dá leithéid.

- Cuirfear coinníollacha na tairisceana agus na céimeanna a chaithfear a ghlacadh d'fhonn maoiniú a tharraingt anuas in iúl d'iarratasóirí rathúla.

- Beidh ar iarratasóirí a gcuid íocaíochtaí agus seoladh isteach an ábhair chuí a bhainistiú ar shuíomh Gréasáin sheirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon.

- Beidh ar iarratasóirí rathúla cruthúnas ar a gcuntas bainc a sholáthar.

- Ní mór d'eagraíochtaí a fhaigheann €10,000 nó níos mó a bheith in ann a léiriú go bhfuil deimhniú imréitigh cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim acu in ainm an ealaíontóra ar ar bronnadh an dámhachtain. Is féidir deimhnithe imréitigh cánach a iarraidh ar líne ag www.revenue.ie. Ní gá deimhniú imréitigh cánach a chur isteach le d'iarratas.

- Íocfar iarratasóirí rathúla trí aistriú bainc amháin. Ní eisíonn an Chomhairle Ealaíon seiceanna.

- Ní íocfar maoiniú ach isteach i gcuntas bainc in ainm na heagraíochta a rinne an t-iarratas agus a fuair an dámhachtain.

- Caithfidh iarratasóirí a n-éireoidh leo tuairisciú ar úsáid a ndámhachtana agus admhálacha a sholáthar, de réir mar is cuí. Cuirfear foirm thuairiscithe ar fáil chun na críche sin. Ní mór an fhoirm thuairiscithe a sheoladh isteach in éineacht le d'iarratas chun an tráthchuid dheireanach de do mhaoiniú a fháil.

- Ní mór d'iarratasóirí rathúla an maoiniú a tharraingt anuas agus a chaitheamh de réir sceideal maoinithe aontaithe. Ní mór aon athruithe ar an sceideal seo a aontú i scríbhinn leis an gCeann Litríochta.
- Caithfidh iarratasóirí rathúla tacaíocht na Comhairle Ealaíon a admháil i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann lena saothar. Tá na sonraí leagtha amach sa doiciméad *Riachtanais chun Cistiú ón gComhairle Ealaíon a Admháil* atá ar fáil ar rannóg na bhfoilseachán de shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon.

- Ní mór d'iarratasóirí a sholáthraíonn cláir do leanaí agus do dhaoine óga a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta imleora maidir le cosaint agus leas leanaí i bhfeidhm acu. Má bhaineann d'iarratas ar mhaoiniú le hobair le leanaí agus le daoine óga ní mór duit cóip de do bheartas agus nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí a sholáthar le do dhoiciméadúchán tacaíochta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach na Treoirlínte um Chosaint agus Leas Leanaí agus Daoine Óga in Earnáil na nEalaíon, atá ar fáil ar iarratas ón gComhairle Ealaíon nó ar www.artscouncil.ie.

- Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil ainmhithe beo á n-úsáid ina gcuid gníomhaíochtaí fianaise a chur isteach go bhfuiltear ag cloí le Creatlach um Leas Ainmnithe na Comhairle Ealaíon atá ar fáil ar rannóg na bhfoilseachán de shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon.

- Féadfar go ndéanfar dámhachtainí maoinithe a thairiscint lena ngabhann sainchoinníollacha breise.

- Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an fhaisnéis a thugtar don Chomhairle Ealaíon a nochtadh de thoradh iarratais a dhéanfaí faoi bhun na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Coinnítear an fhaisnéis a thugtar ar Chóras Faisnéis Bhainistíochta na Comhairle. Déanfar gach iarracht rúndacht cliant a chosaint.

Cuid 5 - Cabhair maidir le d'Iarratas

Forbhreathnú

Sa chuid seo de na Treoirlínte tá faisnéis agus comhairle chun cabhrú leat an próiseas a bhaineann le d'fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta a ullmhú agus a chur isteach.

Ag úsáid suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne

Ní mór gach iarratas ar scéimeanna maoinithe a chur isteach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon. Is furasta úsáid a bhaint as suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne agus cuireann sé ar do chumas réimse leathan ábhar tacaíochta a uaslódáil i bhformáid leictreonach in éineacht le d'fhoirm iarratais.

Moltar go mbeadh cur amach ag iarratasóirí ar rannóg iarratais shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh dóibh iarratas a ullmhú.

Moltar d'iarratasóirí a gcuid iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh an tráthnóna deireanach ar an spriocdháta. Bíodh a fhios agat go mbíonn an t-am uaslódála i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála; d'fhéadfadh go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil. Is iondúil go bhfaigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór fiosruithe agus glaonna teileafóin ar an spriocdháta le haghaidh maoinithe agus mar sin d'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat ag an nóiméad deireanach.

Mura bhfuil tú cláraithe le suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne cheana féin, beidh ort clárú sula mbeidh tú in ann iarratas a dhéanamh. D'fhéadfadh sé **suas le 5 lá** a thógáil sula ndearbhaítear do chlárúchán agus sula bhfaighidh tú pasfhocal, mar sin tá sé an-tábhachtach go gclárófá chomh luath agus is féidir.

Má tharlaíonn sé ar chúiseanna eisceachtúla nach féidir leat an tIdirlíon ná suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon a úsáid nó má tá riachtanais speisialta rochtana agat, breathnóidh an Chomhairle Ealaíon ar chead a thabhairt duit d'iarratas a sheoladh isteach i gcruachóip. I gcás dá leithéid ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Ealaíon **ar a laghad dhá sheachtain roimh an spriocdháta.**

Má bhíonn aon deacrachtaí teicniúla agat am ar bith agus iarratas ar líne á dhéanamh agat is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cabhair a fháil trí ríomhtheachtaireacht a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Cabhair maidir leis an bhfoirm iarratais

Nuair a bheidh iarratas á dhéanamh agat iarrfar ort ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne d'ainm agus do shonraí teagmhála a dhearbhú agus an scéim mhaoinithe ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat a roghnú. Beidh tú in ann an fhoirm iarratais a íoslódáil ansin.

Ba chóir na nótaí cabhrach seo a léamh in éineacht leis an bhfoirm iarratais sin. Baineann na codanna uimhrithe thíos leis na codanna uimhrithe ar an bhfoirm iarratais.

Cuid 1 – Maidir leis Foilseacháin/An Scéim Title by Title

1.1 Ba cheart duit ainm na heagraíochta atá ag déanamh an iarratais a chur in iúl i gcuid 1.1. Ba ceart dó sin a bheith mar an gcéanna leis an ainm a tugadh ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon.
1.2 Iarrtar ort i gcuid 1.2 den fhoirm iarratais tic a chur i mbosca le dearbhú gur léigh tú na treoirlínte maidir leis an scéim mhaoinithe.
1.3 Iarrtar ort i gcuid 1.3 faisnéis chúlra a thabhairt maidir leis an eagraíocht, ina

ndéantar cur síos ar a réasúnaíocht foilseacháin agus ina dtugtar cuntas gairid ar na foilseacháin uaithi le trí bliana anuas. Ní mór d'iarratasóirí nua an cheist sin a fhreagairt.

Cuid 2 – An Togra

2.1 I gcuid 2.1 den fhoirm iarratais iarrtar ort na teidil dá bhfuil iarratas á chur isteach agat a thabhairt. Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh i gcomhair cúig theideal ar a mhéad a bheidh le táirgeadh in 2013.

2.2 I gcuid 2.2 ba cheart duit cur síos níos cuimsithí a thabhairt ar do thogra. Cabhróidh sé sin leis na daoine a mbeidh baint acu le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas tuiscint a fháil ar cad is mian leat a dhéanamh agus cén fáth.

Ní mór d'fhoilsitheoirí leabhar an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt:

- Na teidil agus na húdair a bheartaítear a fhoilsiú
- Cur síos gairid ar an leabhar, lena n-áirítear achoimre, faisnéis maidir leis an údar, seánra, an lucht léitheoireachta atá i gceist agus líon na bhfocal

Ní mór d'fhoilsitheoirí irisí/tréimhseachán an méid seo a leanas a chuimsiú:

- Misean agus cuspóir na hirise nó an tréimhseacháin
- Liosta de na rannpháirtithe a coimisiúnaíodh

D'fhéadfadh tuilleadh faisnéise na nithe seo a leanas a áireamh, ach níl sé teoranta don méid sin amháin:

- ráiteas maidir leis an mbeartas eagarthóireachta;
- na spriocanna agus na huaillmhianta ealaíonta;
- tairbhí ionchais an tsaothair don tírdhreach liteartha;
- míniú ar an gcúis go bhfuil gá le maoiniú agus gurb í an Chomhairle Ealaíon an comhpháirtí cuí.

2.3 I gcuid 2.3 den fhoirm iarratais iarrtar ort a mhíniú cén chaoi a síleann tú go gcomhlíonann do thogra na critéir mheasúnaithe don dámhachtain a bhfuil iarratas á dhéanamh agat uirthi. Chun na critéir mheasúnaithe don dámhachtain a thuiscint, ba cheart duit na Treoirlínte Maoinithe a léamh go cúramach, go háirithe **Cuid 1**: **Faisnéis faoin Dámhachtain** agus **Cuid 3**: **Measúnú agus Próiseáil**

2.4 I gcuid 2.4 den fhoirm iarratais iarrtar ort na húdair agus an pearsanra eagarthóireachta atá bainteach le do thogra a ainmniú. Níor cheart duit ach na daoine sin a bhfuil baint shuntasach acu le do thogra a ainmniú. Níor cheart duit an chuid seo a fhágáil folamh ós rud é go bhfuil faisnéis riachtanach ann dóibh siúd atá ag measúnú an iarratais.

Cuid 3 – Buiséad

TABHAIR FAOI DEARA: Ní mór duit an **teimpléad buiséid mionsonraithe** leithleach a chomhlánú agus a sheoladh isteach i gcomhair gach teidil dá bhfuil maoiniú á lorg. Is féidir an teimpléad a íoslódáil anseo: http://bit.ly/Mw88QH (0.03 MB, MS Excel)

3.1 Iarrtar ort i gcuid 3.1 den fhoirm iarratais an caiteachas a bhaineann le do thogra a shonrú. **Ní mór** do n-áireofaí leis an gcaiteachas don Scéim *Title by Title* sonraí maidir le táillí na n-údar, táillí na rannpháirtithe agus costais eagarthóireachta, chomh maith le costais a bhaineann le priontáil, dáileachán, margaíocht agus poiblíocht. Ba cheart duit féachaint ar Threoirlínte na Dámhachtana, go háirithe **Cuid 1 - Maidir leis Foilseacháin/An Scéim Title by Title** chun an caiteachas atá

incháilithe mar chuid den dámhachtain a sheiceáil.

3.2 Iarrtar ort i gcuid 3.2 den fhoirm iarratais aon ioncam a bhaineann le do thogra a shonrú. Má tá ioncam agat ó fhoinsí eile atá á chaitheamh go sonrach ar chostas na ngníomhaíochtaí a bhfuil cur síos orthu i do thogra, ba cheart duit an t-ioncam sin a lua anseo. Mura bhfuil aon fhoinse ioncaim eile agat atá á chur i dtreo na ngníomhaíochtaí atá luaite i do thogra, ba cheart duit náid a iontráil anseo. Tá sé tábhachtach go mbeadh comhordú i do bhuiséad ach ní thabharfaidh an Chomhairle Ealaíon tosaíocht níos mó nó níos lú do do thogra toisc go bhfuil tú ábalta maoiniú a fháil ó fhoinsí eile.

3.3 Iarrtar ort i gcuid 3.3 den fhoirm iarratais an tsuim atá á hiarraidh agat ar an gComhairle Ealaíon a lua **go soiléir**. Ní féidir leis an gComhairle Ealaíon airgead a bhronnadh mura bhfuiltear tar éis suim áirithe a iarraidh. Ba cheart an tsuim atá á hiarraidh agat a bheith cothrom leis an gcaiteachas iomlán lúide ioncam ar bith a luaigh tú a rachaidh i dtreo chostas an togra. Tá sé riachtanach gurb ionann na figiúirí sin. Má tá neamhréir sna figiúirí ní bheidh an Chomhairle Ealaíon in ann d'iarratas a mheasúnú i gceart. Ní féidir leat níos mó airgid ná mar a theastaíonn uait a iarraidh .i. suim níos mó ná an caiteachas atá aitheanta agat don togra.

Cabhair maidir le hábhar tacaíochta

Is cuid riachtanach de d'iarratas é an t-ábhar tacaíochta. Cuideoidh ábhar tacaíochta atá ábhartha, soiléir agus beacht leis na measúnóirí do thogra a thuiscint. Ní mór ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne.

Féach **Cuid 1** de na treoirlínte seo faoin gceannteideal **'Ábhar Tacaíochta Riachtanach'** le haghaidh liosta na n-ábhar nach mór duit a chur isteach leis an iarratas seo.

Féach ar **Chuid 2** de na treoirlínte seo faoin gceannteideal **Ábhar tacaíochta a ullmhú agus a chur isteach ar líne** chun faisnéis a fháil maidir le conas d'ábhar tacaíochta a chur ar fáil.
Ní mór go n-áireofaí leis an ábhar tacaíochta beathaisnéis reatha don fhoilsitheoir agus CV maidir le gach duine lárnach atá rannpháirteach. Ba cheart do gach CV saothar nó scileanna ábhartha a aithint, agus níor cheart aon CV a bheith níos faide ná trí leathanach A4.

Má tá ábhar fuaime á chur isteach agat, ná cuir ar fáil ach amháin na fuaimrianta ar mian leat go n-éistfeadh na measúnóirí leo. Ba cheart liosta fuaimrianta, ainmneacha na seinnteoirí srl, a chur isteach le gach comhad.

Má tá tú ag cur isteach léaráidí, déan cinnte le do thoil go mbeidh na híomhánna lipéadaithe i gceart agus go mbeidh faisnéis ábhartha iontu maidir leis an gcomhthéacs, le hainm an mhaisitheora san áireamh.

Comhairle ghinearálta

Botúin choitianta atá le seachaint agus ábhair á gcur isteach:

- ábhair nach bhfuil lipéadaithe i gceart;
- gan léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbaineann na hábhair le d'iarratas;
- gan samplaí ar bith a thabhairt de shaothar a rinneadh cheana;
- an iomarca faisnéise nach bhfuil ábhartha (m.sh. an iomarca léirmheasanna). B'fhearr sampla ardchaighdeáin amháin a sholáthar ná cuid mhór ábhar nach bhfuil chomh maith sin agus nach bhfuil ábhartha;
- easpa faisnéise. Ní bheidh bunús ar bith ag na measúnóirí chun moladh a dhéanamh;
- samplaí saothair atá níos sine ná trí bliana d'aois. Tá spéis ag measúnóirí i do shaothar úrnua nó i do shaothar reatha.

Comhairle ghinearálta eile nach mór a áireamh agus iarratas á dhéanamh agat:

- déan d'iarratas a phleanáil tamall maith roimh ré;
- léigh na Treoirlínte go cúramach sula dtosóidh tú ag ullmhú iarratais;
- cuimhnigh go mbeidh roinnt daoine páirteach i gcinneadh a dhéanamh faoi d'iarratas – mar sin bíodh d'iarratas soiléir, gonta, gan athbhrí;
- ná glac leis go bhfuil aithne ag na measúnóirí ortsa ná ar do shaothar. Líon isteach gach iarratas amhail is dá mba do chéad cheann é;
- bíodh tuiscint shoiléir réadúil agat ar a bhfuil uait agus ar chostas do thogra;
- iarr ar dhuine eile súil a chaitheamh ar d'iarratas sula seolfaidh tú isteach é.